C/2024/1815

28.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11373 — IP / EV ASSET HOLDING / IPLANET JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1815)

1. An 21 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Italiana Petroli S.p.A. ('IP', an Iodáil), faoi rialú Api Holding S.p.A. ('Api', an Iodáil),

— EV Asset Holdings S.p.A. ('EV Asset Holdings', an Iodáil), faoi rialú Macquarie Group Limited ('Macquarie', an Astráil),

— IPlanet S.p.A. ('IPlanet', an Iodáil).

Gheobhaidh IP agus EV Asset Holdings rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar IPlanet ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainistíonn IP agus Api an timthriall ola iartheachtach iomlán, idir soláthar amhola go scagadh, lóistíocht, dáileadh agus díolacháin, san Iodáil go príomha,

— Tá EV Asset Holdings faoi rialú Macquarie, grúpa seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn seirbhísí do chliaint i réimsí an bhainistithe sócmhainní, an airgeadais, na comhairle, an riosca agus na réiteach caipitil, agus is i margaí na bhfiachas, an chothromais agus na dtráchtearraí a sholáthraíonn sé na seirbhísí sin. Is speisialtóir é Macquarie i réimse earnálacha amhail bonneagar (lena n-áirítear teileachumarsáid), acmhainní agus tráchtearraí, fuinneamh glas, fuinneamh traidisiúnta, institiúidí airgeadais agus réadmhaoin.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag IPlanet: stáisiúin luchtaithe phoiblí shárthapa a shuiteáil agus a oibriú san Iodáil le haghaidh feithiclí leictreacha nach bhfuil ar an mótarbhealach, chomh maith le seirbhísí síntiúis a sholáthar i ndáil le stáisiúin luchtaithe phoiblí le haghaidh feithiclí leictreacha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11373 — IP / EV ASSET HOLDING / IPLANET JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË